



An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
University College Dublin

Gradaim Bhord na Gaeilge agus Bonn Óir an Chumainn Ghaelaigh 2014

*Bord na Gaeilge Awards and
Cumann Gaelach Gold Medal 2014*

Dé Luain, 14 Aibreán 2014
Monday 14 April 2014

Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD
UCD Lochlann Quinn School of Business

Clár/Programme

7.00 i.n. Cuir i láthair na Mac Léinn
Student Presentations
&
Bronnadh na nGradam
Presentation of Awards

8.10 i.n. Fáiltiú/*Reception*

www.ucd.ie/bnag



Sceideal/Schedule

Fáilte/Welcome: Clár Ní Bhuachalla,
Oifigeach Gaeilge, Bord na Gaeilge UCD

Bean an Tí/Host: Caitriona Ní Chathasaigh,
Teach na Gaeilge UCD

Cur i láthair na dtionscnamh/Presentations:
Mic Léinn scoláireachta Theach na Gaeilge,
Reachtaine an Chumainn Ghaelaigh,
Aodh Ó Cannain agus Oifigeach Gaeilge Aontas
na Mac Léinn, Caoimhe Ní Chobhthaigh

Bronnadh Ghradam an Chumainn Ghaelaigh/Cumann Gaelach Awards

- **Bonn Óir an Chumainn Ghaelaigh/
Cumann Gaelach Gold Medal
Bronntóir/Presenter:** Aodh Ó Cannain,
Reachtaine an Chumainn Ghaelaigh
- **Teastas 'Gnó le Gaeilge' Sheachtain na
Gaeilge UCD/ "Business with Irish"
Certificate
Bronntóir/Presenter:** Peadar Ó Lamhna,
Leas-Reachtaine an Chumainn Ghaelaigh

Bronnadh Ghradam Bhord na Gaeilge/ Bord na Gaeilge Awards

- **Teastais Theach na Gaeilge/ Bord na
Gaeilge Scholar Certificates
Bronntóir/Presenter:** An tOllamh Micheál
Ó Dochartaigh, Cathaoirleach Bhord na
Gaeilge UCD
- **Gradam Bhord na Gaeilge don Chumann/
Chlub is mó a chuir an teanga chun cinn,
(gan na cumainn Ghaelacha féin san
áireamh)
Bord na Gaeilge Society/Club Award
Bronntóir/Presenter:** An tOllamh Micheál
Ó Dochartaigh, Cathaoirleach Bhord na
Gaeilge UCD
- **Gradam Ambasadóir an Tí 2014/Teach na
Gaeilge Ambassador
Cainteoir/Speaker:** Peadar Ó Lamhna
(Ambasadóir an Tí 2013)
Bronntóir/Presenter: An tOllamh Micheál
Ó Dochartaigh, Cathaoirleach Bhord na
Gaeilge UCD
- **Gradaim Foirne/Staff Awards
Cainteoir/Speaker:** Ailbhe Ní Chonghaile
(Oifigeach Gaeilge Cúnta, Bord na Gaeilge
UCD) **Bronntóir/Presenter:** An tOllamh
Micheál Ó Dochartaigh, Cathaoirleach
Bhord na Gaeilge UCD
- **Gradam Síoladóir na Teanga: "Síoladóir na
Teanga" Award
Cainteoir & Bronntóir/Presenter &
Speaker:** An tOllamh Micheál
Ó Dochartaigh, Cathaoirleach Bhord na
Gaeilge UCD

Tionscnamh 2013-2014

Projects

Cúlra: Teach na Gaeilge, Bord na Gaeilge UCD

Muintir an Tí, Cúrsaí Imthreoraithe, Modúl* agus Clár Idirnáisiúnta

Díospóireachtaí

Díospóireachtaí ar Champas & Díospóireacht Gael Linn ag Oireachtas na Gaeilge

Na Meáin

Belfield FM, CTN Belfield, Na Nuachtáin, an iris 'Cogar'

Comórtais

Tráth na gCeist do na hAiltirí, Tráth na gCeist Liathróid Láimhe, "Bréagchúirt Uí Dhálaigh, Gael Linn"

Drámaíocht

Ceardlann Drámaíochta Idirollscoile & Comórtas Drámaíochta Idirollscoile de chuid an *Compántas Náisiúnta Drámaíochta*

Cúrsaí Spóirt

Comórtas Sacair Idirdháimhe, Íoga, Zumba, Comórtas Liathróid Láimhe, Taekwon-Do, Peil UCD/TCD & Rás UCD 2014

Cúrsaí Ceoil

Dlúthdhiosca Trad Soc, Cór na Nollag le *Res Life* & Ceolchoirm na gCumann, Scoláirí Córúla UCD le Gaeilge & 'Peadar & an Mac Tíre' le Ceolfhoireann UCD

Caidreamh Idirnáisiúnta

My first Gaeilge, Ceardlanna Damhsa & Ceoil

Imeachtaí Oideachasúla Áineasa

An Roth: Cumann Innealtóirí Éireann Dála Dall, Scóráil Sciobtha, Rós UCD & Gaelgáirí, Conradh na Gaeilge

An Cumann Gaelach & Oifigeach Gaeilge, Aontas na Mac Léinn

Gradam de hÍde, Gnó le Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge & Seachtain na Gaeilge UCD

* *Tá an modúl seo á reáchtáil i gcomhar le Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD agus leis an gcomhlacht Gaelchultúr Teoranta*

Mic Léinn Scoláireachta Theach na Gaeilge 2013- 2014/Teach na Gaeilge Scholars 2013-14

Coláiste na hEolaíochta UCD/ College of Science

Ross Ó Bígín, Contae Chiarraí/Co. Kerry
Ríomheolaíocht/Computer Science

Oisín Ó Cadhain, Contae Mhaigh Eo/Co. Mayo
Ríomheolaíocht/Computer Science
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2013
Scoláire Fhondúireacht Uí Neachtain/Naughton
Foundation Scholar 2013

Fionnuala Nic Giolla Chearra, Contae Dhún na
nGall/Co. Donegal
Eolaíochtaí Matamaitice, Fisice agus
Geolaíochta/Mathematical, Physical and
Geological Sciences

Niamh Ní Dhubhghain, Contae Dhún na nGall/
Co. Donegal
Bitheolaíocht/Biology

Jamie Ó Flannúra, Contae Chiarraí/Co. Kerry
Ceimic agus na hEolaíochtaí Ceimice/ Chemistry
and Chemical Sciences
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2013
Gradam Acadúil don Eolaíocht, Staid 1/
Science Stage 1 Award 2013

Aoife Ní Úallacháin, Contae an Chláir/Co. Clare
Eolaíochtaí Bitheolaíochta, Bithleighis agus
Bithmhóilínigh/Biological, Biomedical and
Biomolecular Sciences
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2013

Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD/College of Engineer- ing and Architecture

Seán Mac Aodh Ó Dobhlainn, Contae na
hIarmhí/Co. Westmeath
Innealtóireacht Mheicniúil agus Teicneolaíocht
Ábhar/Mechanical Engineering and Materials
Technology

Ferdia Ó Cionnaith, Contae Mhaigh Eo/
Co. Mayo
Eolaíocht Ailtireachta/Architectural Science
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2013

Shane Mac Grianna, Contae Dhún na nGall/
Co. Donegal
Eolaíocht Ailtireachta/Architectural Science

Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte **UCD/College of Health Sciences**

Cathal Ó Briain, Contae Thiobraid Árann/
Co. Tipperary
Leigheas/Medicine
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2013
Scoláire Ad Astra/Ad Astra Scholar 2013

Caitríona Ní Chathasaigh, Contae Chorcaí/
Co. Cork
Radagrafaíocht/Radiography
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2012
Scoláire Córúla /Choral Scholar 2012
Scoláire Cheolfhoireaneach UCD/Orchestral
Scholar 2013

Danielle Ní Dhochartaigh, Contae Dhún na
nGall/Co. Donegal
Fisiteiripe/Physiotherapy

Elinor Ní Dhochartaigh, Baile Átha Cliath/Dublin
Leigheas/Medicine
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2013

Diarmuid Ó hIcí, Contae Chorcaí/Co. Cork
Leigheas/Medicine
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2011
Scoláire Ad Astra/Ad Astra Scholar 2011
Scoláire Ad Astra/Ad Astra Scholar 2012

Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD **College of Human Sciences**

Edward Campion, Baile Átha Cliath/Dublin
Béarla & Fealsúnacht/English and Philosophy

Dónal Ó Catháin, Baile Átha Cliath/Dublin
Síceolaíocht/Psychology
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2013
Scoláire Ad Astra/Ad Astra Scholar 2013

Coláiste na nEalaíon agus an Léinn **Cheiltigh/College of Arts and Celtic** **Studies**

Seán Ó Cionnfholaigh, Contae Phort Láirge/
Co. Waterford
Gaeilge & Polaitíocht/Irish and Politics

Niall Ó hÚiginn, Baile Átha Cliath/Dublin
Stair & Polaitíocht/History and Politics

Giollaíosa Ní Mhaonaigh, Contae Chill
Chainnigh/Co. Kilkenny
Gaeilge & Stair/Irish and History
Scoláire Iontrála/Entrance Scholar 2012

Iseult Ní Rinn, Contae Chiarraí/Co. Kerry
Gaeilge & Ceol/Irish and Music

Dara Seoige, Contae Lú/Co. Louth
Teangacha Idirnáisiúnta/International Languages



Coláiste Gnó agus Dlí UCD/ College of Business and Law

Bróna Ní Chiaráin, Contae Lú/Co. Louth
Dlí le Fealsúnacht/Law with Philosophy

Peadar Ó Lamhna, Contae Mhuineacháin/
Co. Monaghan
Dlí le Polaitíocht/Law with Politics

Peadar Ó Maoltaile, Contae na Mí/Co. Meath
Dlí le Dlí na Fraince/Law with French Law
Scoláire Iontrála - Entrance Scholar 2013

Bronntar scoláireacht iontrála orthu siúd a ghnóthaíonn 560 pointe Lár-Oifig Iontrála

Bronntar scoláireacht Ad Astra orthu siúd a ghnóthaíonn grád A1 i 6 ábhar nó níos mó san Ardeist.



Bronnadh Scoláireachtaí, Márta 2014



Cuairt ar Oilthigh Ghlaschu, Feabhra 2014

Buaiteoirí 2014/Award Recipients

Gradam Bhord na Gaeilge don Chumann/Chlub is mó a chur an Teanga chun cinn/Society/Club Award:

Club Taekwon-Do UCD: Is cumann gníomhach é seo atá ar an bhfód ón mbliain 1995 le breis is 250 ball reatha. Glacann an club páirt i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. I mbliana chuidigh an club le cur chun cinn na teanga trín gceardlann speisialta a thug duine de bhaill an chlub, **Audrey de Faote**. Tá ardmholadh ag dul do Audrey agus don Reachtaire **Fearghal Ó hAodha**.

Bonn Óir an Chumainn Ghaelaigh 2014/The 2014 Cumann Gaelach Gold Medal

Is iad baill an Chumainn Ghaelaigh a roghnaíonn an buaiteoir seo

Seán Mac Conchoille: Is mac léinn le Gaeilge agus Teangeolaíocht é Seán a bhí rannpháirteach in iliomad imeachtaí an chumainn le 3 bliana anuas. Chaith sé bliain ar choise an chumainn. Déirigh leis a spéis i dteangacha mar ábhar acadúil a nascadh leis an teanga bheo ar an gcampas trí mheán na hiriseoireachta; ba chomheagarthóir Gaeilge é ar an College Tribune le linn na bliana 2013-2014.

Ambasadóir Theach na Gaeilge 2014/Teach na Gaeilge Ambassador

Is iad mic léinn Theach na Gaeilge féin a roghnaíonn an buaiteoir seo.

Jamie Ó Flannúra: Seo an dara bliain do Jamie i dTeach na Gaeilge UCD. Is duine fuinniúil cairdiúil é a thacaíonn le mic léinn uilig an tí. D'éagraigh sé ceardlanna damhsa agus céilithe do phobal na hollscoile, ceapadh é mar Oifigeach Glór na nGael ar choiste an Chumainn Ghaelaigh agus bhí sé ina bhainisteoir fíoréifeachtach ar cheann de mhórimeachtaí na bliana, Rás UCD 2014; comhthionscnamh idir Teach na Gaeilge, An Cumann Gaelach agus Saorálaithe Thar Lear (UCDVO), carthannacht na hollscoile.

Gradam Bail Foirne/Staff Award

Tá an **Dr Desmond Earley** ina Léachtóir le Taibhiú i Scoil an Cheoil, UCD, ina Stiúrthóir ar Scoláirí Córúla UCD agus ar dhuine de Stiúrthóirí Ealaíne Acadamh Ad Astra UCD. Tá saothar cóiritheora/cumadóra leis foilsithe ag Hal Leonard (SAM) agus Novello (RA), agus




**SCOLÁIRÍ
CÓRÚLA UCD**



áirítear cóirithe ar fhoinn thraidisiúnta Ghaelacha ar a chuid foilseachán. Tugann na scoláirí córúla mórchoirmeacha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Le blianta beaga anuas chuir an cór le líon na n-amhrán Gaeilge ina stór agus thug roinnt ceadal speisialta Gaeilge ar an gcampas.

Tá an **Dr Ciarán Crilly** ina Léachtóir le Taibhiú i Scoil an Cheoil, UCD agus ina Stiúrthóir Ealaíne ar Cheolfhoireann Shiansach UCD. Is scrúdaitheoir seachtrach sa stiúrthoireacht cheolfhoirneach do Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann é. I Samhain 2013 léirigh



Ceolfhoireann Shiansach UCD faoi stiúradh an Dr Crilly ceolchoirm de scéal ceoil clasaiceadh Prokofiev do leanaí 'Peter and the Wolf'. Cuireadh an scéal i láthair le scáthphuipéadóireacht agus bhí an tráchtáireacht go hiomlán i nGaeilge. Tionscnamh ceannródaíoch don Ghaeilge a bhí inti.

Gradam Síoladóir na Teanga 2014/Síoladóir na Teanga Award

Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge:

Tá rath as an nua ar Oireachtas na Gaeilge ó ceapadh Liam Ó Maolaodha mar Chathoirleach air i 1991, go háirithe tríd an bhfreastal a rinne Liam ar an óige;

'Scléip na hÓige' agus imeachtaí do mhic léinn tríú leibhéal. Anuas air sin déantar sruthú idirlín ó anuraidh ar na comórtais amhránaíochta sean-nóis, agallamh beirte agus lúibíní agus craoltar na comórtais damhsa sean-nóis beo ar TG4, comórtais a mheallann lucht féachana de cheathrú milliún duine beo. Tá éifeacht ollmhór ag obair Liam ar phobal na Gaeilge in Éirinn agus i gcéin.



Nóta buíochais/Thank you: Cuirtear obair

Bhord na Gaeilge i gcrích le tacaíocht Chláraitheoir UCD, **An tOllamh Mark Rogers** agus le maoiniú ón Údarás um Ardoideachas. Is mór againn tacaíocht: teagascóirí agus foghláimeoirí an Bhoird, Scoil na Gaeilge UCD, Oifig Idirnáisiúnta UCD, Spórt UCD, Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn, Gael-Linn, Gaelchultúr Teoranta, Conradh na Gaeilge, An Compántas Náisiúnta Drámaíochta, Glór na nGael, Oireachtas na Gaeilge agus Colmcille. Gabhaimid buíochas freisin leis na hurraitheoirí: Banc na hÉireann, Ciste Newman UCD, Res Life UCD agus Centra UCD.